

An Pósdh

Karen Bies

focailéile
|||l|l

oarewurden
|||l|l



Aistriúchán: Peadar Ó Ceannabháin

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union



An Pósadh

Karen Bies

Aistriúchán: Peadar Ó Ceannabháin

Maidin Domhnaigh, 8 Aibreán

Tá Ids ina luí i m'aise, é fós ina chodladh. Muid le chéile ó aréir. Ba é an tríú huair a casadh ar a chéile muid sa Rós, áit a dtagann daoine aitheantais ón scoil, Nollaig agus Siobhán, mar aon le ceoltóirí a sheinneann go rialta. Cé go bhfuil pianó an Róis sean tá sé i dtiúin mar sin féin, sin é an t-údar ar chaith Ids an oíche á sheinm. Ghabh mé an 'Galway Shawl' ó tharla gur iarr Breandán orm é agus chas mé, 'Beautiful' níos deireanaí san oíche, leagan d'amhrán Christina A., in éineacht le Siobhán. Thug sin ardú meanman dúinn. Chuidigh an amhránaíocht agus fuaimeanna an phianó liom gan trácht ar Ids a bheith i láthair.

Chaitheamar tamall fada taobh amuigh, ag pógadh agus ag diurnú a chéile, sular shiúil sé, gan iarraidh, abhaile liom. D'ólamar an buidéal deireanach den fhíon dearg a bhí fanta ó mo lá breithe. Shín Ids le mo thaobh agus a cheann ar mo ghabháil. Tá blas na meala ar a phóga agus cé go bhfuil a lámha pianó an-bhog tá siad láidir. Bhí mé beagáinín súgach, ach ní raibh mé chomh hóltach is nach gcuimhneoinn ar a raibh ar bun agam, má thuigeann tú leat mé.

Ids, Ids, táim dóchasach. Le do thoil, le do THOIL. Táim á scríobh seo, a dhialainn lena chur ina luí orm féin gur duine daonna é. Xxx.

Déardaoin, 12 Aibreán

Caithfear gúna a cheannacht agus b'éigean domsa a bheith i láthair. Och! Beidh scrúduithe agam an tseachtain seo chugainn ach tá an-ghean ag Mama ar thraidisiúin agus níor cheart loic uirthi. B'fhearr léi Mamó a ghabháil ina teannta, ach níl sin ar a cumas a thuilleadh. Ar aon chaoi, bhíomar in éineacht sa siopa brídeoige, an triúr againn, mise, Mama agus aintín Nóra. Agus bhí beirt fhreastalaithe siopa ann, duine acu le pioncás ar a láimh, gruaig fhionn ar an gceann eile. Fad is a bhí Mama ag triáil gúnaí uirthi féin tairgeadh tae dom féin agus do Nóra agus muid suite ar dhá tholg stuáilte dhearga - Chesterfields a thug Mama orthu.

Bhreachnaigh mé thart orm, gnáthshiopa brídeoige a bhí ann, é lán le gúnaí pósta - mná gan chloigeann, iad i bplaisteach glé agus iad ar fad bán nó fobhán. Leagas lámh ar bhláthanna an bhoird. Más mar seo atá an pósadh ní bheidh baint ná páirt agam leis, tá a fhios agam an méid sin.

Tháinig Mama amach as a both gléasta agus, ar ndóigh, thosaigh Nóra ag caoineadh ar an bpointe. 'Ááááá', a deir sí ós íseal. 'Tá sé go hálainn, a Ghráinne'. Thosaigh na cúntóirí á mholadh freisin. Gach seans go bhfuil seantaithí acu ar racht dá leithéid. Choinnigh mise mo bhéal dúnta.

Bhí Mama ina seasamh os ár gcomhair, griandath stiúideo a craicinn ag cur le gile an ghúna. Triopall gearr a bhí ar an ngúna agus é ag glioscarnach mar a dhéanfadh brat sneachta ar thaobh na gréine de mhala sléibhe.

Ní raibh an méid céanna éadach os cionn an bhásta agus a bhí in íochtar an ghúna, ámh, agus ar an ábhar sin níor fheil an miosúr do bhrollach Mhama.

'An bhfuil a tomhas ann? a d'fhiafraíos di.

'Ná bíodh inní ort, beidh sé ceart', a dúirt an pioncásach agus thosaigh sí ag socrú an ghúna ar Mhama agus á tomhas. Bhí mearbhall i bhféachaint Mhama, rinne sí meangadh liom sa scáthán mar a bheadh sí ag lorg mo chuid tacaíochta i leith an ghúna, i leith Chiaráin. Ceart go leor a Mhama, bead dearfach. Ní mhillfead do lá ort.

Chuir Mama dhá ghúna eile uirthi féin ach ba í an chéad cheann a roghnaigh sí ar deireadh. Gheobhadh sí bróga síoda meaitseála agus, ar ndóigh, cíochbheart, 'a tharraingeodh aird agus a chosnódh a log brollaigh aron', má b'fhíor don cheann fionn é. Sa gcás is go dtiocfadh fíbin damhsa nó a leithéid uirthi a bhí i gceist aici, sílim. Thug an freastalaí fionn píosa ceannbhirt do Mhama, cuirín a thug sí air. Agus leis sin bhí feisteas Mhama roghnaithe.

Chuir aintín Nóra a lámha timpeall a muiníl. Thosaíodar beirt ag caoineadh. Ar ndóigh, bhain sé seo deora asam féin freisin, a dhialainn chóir - más cruachróioch í Ruby ní cloch uilig í. Shín Mama amach a láimh. 'Gabh i leith anseo, a leanbh'.

Chuas chuici. B'ait liom chomh righin is a bhí a colainn, agus boladh Hermes uaithi. Scaoil sí a greim tar éis tamaill agus dúirt: 'Is leatsa anois gúna a thriáil'.

Dé hAoine, 13 Aibreán

Ar deireadh roghnaíomar dath an tsean-róis. 'Gleoite', a dúirt Mama agus Nóra, 'réitíonn sé leis an ngruaig rua'. Chas mé thart os comhair an scátháin agus mé ag ceapadh gur mé an banphrionsa Kate nó Pippa. An banphrionsa Ruby! Insíodh dom ansin gurb é an gúna ceannann céanna a chaithfeadh deirfiúracha Chiaráin. 'Trí mhucín bhándearga a bheas ionainn', a deirmse le Mama. Ach ní raibh aon mhaith ag caint léi, 'luífeadh sé go breá leis an bpictiúir iomlán', a dúirt sí. Beidh culaith ghlas agus bóna pinc ar Chiarán.

Tá faitíos orm nach mbeidh cuma ná caoi air. Cur i gcéill! Caithfear an lá seo a fhágáil ag Mama mar sin féin. Ach ní hé an lá is fearr ina saol a bheas ann, b'in é an lá ar rugadh mise (mar a deireadh sí féin go minic agus mé beag).

Mar eolas duit, a Chiaráin!

Dé Sathairn, 14 Aibreán

Tháinig Ids in éineacht liom ar an deireadh seachtaine go Carraig an Chuilinn. Chodail sé san aoi-sheomra. Bhraitheas bródúil agus liopasta ar ár mbealach isteach Tigh Raighilligh. Liopasta ó tharla buataisí nua a bheith orm. Bródúil as Ids, mo strainséara ard, dubh. Tráthúil go leor, beoir amháin a ólann seisean freisin. Bhí iníon aintín Nóra í féin ann. Bhí sí thuas ag an gcuntar i measc dornán beag fear. Bhí mar a bheadh loinnir óna gruaig chatach agus í ag féachaint anuas orainn ina sála stílín. B'ait liom mura ngortóidís a cosa cé gur thug Peadairín Dhonnchú, ón siopa iascaireachta áineasa, lámh chúnta di an t-am uilig. Tá Tara dhá bhliain níos sine ná mise, í ina cónaí i mBleá Cliath agus saol an-spéisiúil aici, cloisim. Theann sí anall go mall inár treo.

'Hé 'Ruby, aon scéal agat?' a d'fhiafraigh sí. Chuireas in aithne dá chéile iad: 'mo chol ceathrar, Tara...mo chara Ids. Is as an Ísiltír é'. Thosaigh sí ag gáire. 'Íde...cén Íde?' Chuir Ids meangadh cairdiúil air féin agus dúirt: 'Ids atá ormsa'.

Bhí súile Tara trí lasadh ach ní raibh aon inní orm. Coinnigh ort, a chailín, triáil é go bhfeice tú, is liomsa anois é. Bhain sí bolgam beag as an gin & uisce íce agus rinne a bealach chuig Peadairín Dhonnchú.

Bhí Mama agus Ciarán ag an gcuntar freisin agus céard a déarfadh Mama le hIds (í lom dáiríre) ach go raibh 'cuireadh ag cara a hiníne chuig an mbainis, i gcomhair an lae uilig'. I ndáiríre...a leithéid de lútáil! Céard a dhéanfainn ansin, dona go leor, ach mo ghloine beorach a leagan...cé is moite gur thug an t-am a caitheadh dá ghlanadh uain d'Ids machnamh ar an gcuireadh a tugadh dó. 'Ní call duit a dhul ann', a deirimse, 'mura dteastaíonn uait!' Rinne sé gáire ansin, lena chuid coirníní dubha, agus dúirt go mba bhreá leis a dhul ann.

Bhí lámh Chiaráin thart ar Mhama an t-am uilig. An chuma air go raibh an chéad duais gnóite aige cheana féin.

Ó a dheamhais! Beidh Ids ag teacht chuig an bpósadh agus níl a fhios agam an maith nó olc é. Ní hionann bealaí Ids i nGaillimh agus a chuid bealaí i gCarraig an Chuilinn. Chuamar chuig an trá i ndiaidh an tí tábhairne. Bhí an taoille íseal. Shiúil muid trasna na gearraigeacha, mo bhuataisí do mo ghortú ach nár mhaith liom a bheith ag fuarchaoineachán faoi. Bhí sé ina chalm agus chualamar na faoileáin.

'Amanta', a deirimse, 'le linn stoirm gaoithe aniar, éiríonn an fharraige chomh hard is go gcuirtear an chéibh faoi uisce agus go dtéann an t-uisce isteach sna tithe ar Bhóthar an Chladaigh'.

'Dáiríre'. Leanamar ar aghaidh. Ní raibh mórán le rá ag Ids, rud a chuir as go mór dom i nDomhnach! An bhfuil rud éigin as cor, ar cheart dom fiafraí faoi nó ar chóir dom a bheith i mo thost? An bhfuil d'intinn cheolmhar ag dul i bhfiántas nó an bhfuil ag samhlú pógadh na hoíche anocht? Bhraitheas an teannas an t-am ar fad, a dhialainn chóir, teannas a shiúil inár dteannta, é istigh eadrainn beirt.

Stadamar sular shiúileamar an chéibh arís agus rug Ids greim orm agus dhiurnaigh sé mo cholainn lena lámha. Chuir sin beocht ionam, gan dabht. Thug sé tarraingt bheag do mo chuid gruaige agus phóg go paiseanta mé. 'Sé do chuid teasa a bhíog mé!'

Mar sin, a dhialainn chóir a labhrann sé. Labhrann sé i gcaint a d'fheilfeadh d'amhrán.

Ansin deir sé a leithéid seo: 'Ar casadh ar a chéile sinn go n-aimseoimis a chéile?' Tá tóir nach beag aige ar sheafóid spioradálta den tsórt sin.

'Táim aimsithe agat cheana féin,' a deirimse. 'Mise Ruby, sin a bhfuil faoi. An bhean atá i do chomhluadar is í atá os do chomhair'.

Tháinig meangadh ar Ids: 'An dteastaíonn uaim thú a aimsiú, fiú? Nó an mian liom Ruby a bheith ina rúndiamhair agam?'

Cé a chumann an cineál sin cainte, a dhialainn chóir? Tuige a dteastódh uaim a bheith i mo rúndiamhair? An bhfuil sé do m'iarraidh nó nach bhfuil?

Nó an duine éigin neamhgnách atá uaidh? Ach ba bhreá liomsa m'aighe a ligean le sruth freisin ionas go dtabharfadh sé leis sna néalta mé.

Phógamar a chéile ar an trá. Níl níos mó le rá fúinn...sílim.

Dé Domhnaigh, 15 Aibreán

Tá Ciarán an-sásta go bhfuil m'aird dírithe ar dhuine éigin eile anois, tugann sin deis dó fanacht as mo líon agus cead a chinn a bheith aige i leith Mhama. Níl gúna Mhama feicthe fós aige. 'Bíodh sé ina rún eadrainn' a deir sí. Nuair a dúirt sí é sin leis chuir sé a lámha thart uirthi agus dúirt léi gur chuma, chomh fada agus a bhain sé le háilleacht go mba léise an chraobh. A leithéid de chaint! Thosaigh sise ag sciotaíl, a cuid inní...do mo chrá. Fághtar acu é ar ócáid den tsórt seo.

Tá sé sách socair ag baile, mé i m'aonar le Mama. Ní theastaíonn uaithi go dtiocfaidh Ciarán ag cónaí sa teach go gcuirtear a fháinne pósta ar a méar. Ach ní labhartar focal faoi Dhaid. Níl a fhonn sin ar Mhama, níl aon bhlas ar a hintinn ach a hinnealltóir teasa (tá a fhios aici anois céard é caidéal imshruthaithe agus umar leathnaitheach nó cibé ní a ghlaoitear air, agus ligeann sí uirthi gur eolas an-tábhachtach é).

Bainis í a mbeidh trí chéad ainm ar liosta na n-aoíonna, ceol beo ó na Júcbhoscaí, agus cóisir go meán-oíche na gcoileach. In óstán na dTonnta a bheas sí, óstán atá ar cíos ag Tigh Raighilligh & Seirbhisí Adhlactha. Is le gaolta Chiaráin an tábhairne i gCarraig an Chuilinn mar aon le gnó an adhlacóra. Pluiméirí, freastalaithe beáir agus adhlacóirí. Dheamhan áit ar an mbaile nach bhfuil muintir Raighilligh ann. 'Táid sa mbeatha, sa mbás agus san ól freisin, go mbeifear in ann é a sheasamh', mar a deir Ciarán.

Ní pósadh séipéil a bheas orthu.

I séipéal a phós sí ar an gcéad iarraidh. I ndeireadh na dála drochphósadh a bhí ann ach oiread leis an bpósadh leis an leibide sin, Ron. Ní raibh mé ach deich mbliana d'aois nuair a thuigeas nach raibh aon mhaith sa Ron céanna. 'Nach bhfuil sé in am agatsa a dhul a chodladh?' a deireadh sé nuair a shuinn ar an tolg le brioscáin agus Fanta.

Shílfeá go mbeadh sé tugtha faoi deara ag Mama freisin. Amanta bíonn Mama an-dímheabhrach, a dhialainn chóir. Gheall sé gach ní di agus shlog sí gach focal de. Bhí ar a laghad cúig chéad duine ag an gcóisir sin san ionad babhlála. Bhí gúna gleoite uirthi an uair sin freisin agus í 20 punt níos éadroime. D'éalaigh sé mar sin féin taobh istigh de bhliain le cailín cuntair an Centra. Shíleas go mbeadh a dóthain ag Mama den phósadh dá bharr.

Tá ocht mbliana caite ó tharla sin agus tá Ciarán ar na bacáin aici anois.

Ghlaoigh Mama ar chomhlacht suiteála Uí Raighilligh mar go raibh an teas as cor. Bhíomar stromptha leis an bhfuacht le dhá lá. Nuair a bhí sí ag ligean an mheicneora isteach sa teach thuigeas a raibh le tarlú. (Ach níor thuig sise! Táimse níos meabhraí ná Mama). An bealach ar fhéach sé ar Mhama, ní fhéadfá é a chreidiúint. Dheamhan aithne air nár casadh aon bhean eile air le deich mbliana. 'Ciarán Ó Raighilligh.

Cén chaoi a bhfuil tú?' Bodach fir - shín sé a lámh ollmhór ina treo. Chaoch sé an tsúil ormsa. (Ní dóigh liom gur iompar cuí é sin i measc strainséirí. Ach tuigim anois go bhfuil Ciarán ciotach ar an gcaoi sin).

'Cén chaoi a bhfuil tú?' a dúirt sé liomsa freisin agus é ag dul tharainn lena bhosca oirnéise, ní atá dodhéanta sa halla cúng sin againne. Thug Mama suas an staighre é go dtaispeánfadh sí an coire briste dó agus ar fhilleadh anuas di, nóiméad níos deireanaí, bhí luisne dhearg ina grua.

Chualamar ag feadaíl é agus é i mbun a ghnó ar an áiléar. 'Grace' a bhí á fheadaíl aige, an gcreidfeá é? D'iompaigh sé ar an amhránaíocht ina dhiaidh sin. 'O Grace, just hold me in your arms and let this moment linger. 'A Mhaighdean, nach furasta a aithint an ealaín atá air seo', a deirim liom féin. Is cuimhneach liom fós an macalla a bhain a ghlór as an staighre. Rinne Mama gáire agus í ag réiteach cafaí dó.

De réir mar a théigh an teach theastaigh uaithi go ndeiseofaí rud éigin eile, bhí an meaisín níochnáin seasta ar crith agus ina theannta sin bhí braon anuas, in áit éigin, óna gáitéir. Sula raibh a fhios agam é, bhíodh Ciarán sa teach gach aon tseachtain agus bhíodh sos an chafaí ag éirí níos faide agus níos faide.

Tá a gcumann ar bun le bliain anois.

Chuaigh Ciarán i gceann chomhlacht suiteála a athar i nGoirt an Bhaile. 'Táim réidh le socrú síos', a deireadh sé le tláithínteacht ar Mhama. Tá fhios agat féin. Súile an choileáin ann. Is geall le Labrador é Ciarán, meall bog mórchroíoch agus é de shíor ag croitheadh a eireabail. Tá a shamhail de mhadra ag uncaíl Keith agus ag aintín Nóra, é seasta ag líochán lámh daoine. Gan teora lena chuid lúitéise má labhartar go caoin leis nó má dhéantar láinteacht leis. Caith maide san aer agus tabharfaidh sé ar ais chugat é.

Bíonn Ciarán ag iarraidh a bheith cineálta liomsa i gcónaí. Déanann sé tae nó cafaí dom nó tugann sé gloine fíona dom nuair a bhím sa mbaile ar an deireadh seachtaine. Amanta bíonn sé de mhisneach aige a leithéid seo a fhiafraí díom, 'Cé mar atá ag éirí le do chuid staidéir, a Ruby?' Déanaim cur síos ar solfège, ar theoiric an cheoil agus ar chumadóireacht, rudaí a mbeadh sé go hiomlán dall orthu agus stánann sé ansin orm mar a dhéanfadh madra. Nach seanchaite é mo bhealach! Go hiondúil bíom múinte leis mar go ligeann sé dom a veain a thiomáint. Tharlódh go ngabhfaínn i dtaithí ar Chiarán i ndeireadh thiar.

Dé hAoine, 20 Aibreán

Airim uaim Mamó Kate, a dhialainn chóir. Féadaim gach ní a insint duit, ach ba mhaith an comhráití í. Tá a fhios agam anois nár inis sí gach rud dom. Rinne sí cur síos ar Dhaid sa litir a scríobh sí chugam. Ach is iomaí rud nach bhfuil ar eolas agam. Cén chaoi a bhféadfadh Daid muid a thréigean? Cúl a thabhairt dá naíonán? Agus cén chaoi a bhfuair mo mhuintir tuairisc ar an timpiste inar maraíodh é? Ní mian le Mama labhairt ar na nithe seo. De bharr na bainise agus gach a mbaineann léi, tá dearmad déanta aici ar an rud is tábhachtaí - grá. Tá Mama ag tnúth le sonas, ach cén fáth sa deabhal a dteastaíonn uaithi pósadh arís... ní thuigim é.

D'fhiafraíos di faoi nuair a bhí na soithigh á ní againn. (Bhí an miasniteoir briste; seans, faoi cheann cúpla lá, go ndeiseoidh Ciarán lena rinse é).

'Táimid i ngrá le chéile, a Ruby,' a dúirt sí.

Och! Chuir sé seo cantal an deabhail orm. Leanas orm leis na ceisteanna. 'Cén uair a bhíonn a fhios agat go bhfuil fear leat go fireannach?'

'Is duine geanúil é Ciarán agus déanfaidh sé gar ar bith dom'.

'Is ea, is furasta duit sin a rá anois ach má chastar bean eile ag an am mícheart air d'fhéadfadh malairt scéil a bheith agat. Cá bhfios duit go bhfuil sé i ndáiríre fút?'

'Braithim go bhféadaim mo mhuinín a chur ann,' a dúirt sí.

Cuirtear na soithigh san uisce de steallóg. Tá Mama chomh cinnte sin di féin agus de Chiarán! Cuimhnímse agus cuimhníonn sise freisin ar bhréaga móra Ron. Thagadh sé abhaile níos deireanaí agus níos deireanaí san oíche agus luíodh sé go feargach ar an tolg. Ní dhearna sé d'obair ach siopadóireacht. Ach ba ar chúis eile a rinne sé é sin. Níor thaobhaigh Mama an Centra ó shin.

Choinnigh mé babhla go deas réidh faoin sconna te agus d'fhiafraigh mé di, 'Ach tuige a ligfeá isteach i do theach é?'

'Mar go réitíonn muid go maith le chéile. Tuige a bhfuil sé ag cur as duit?'

'Réitigh tú féin agus Ron go maith le chéile i dtosach freisin', a deirimse.

Níor cheart dom é sin a rá.

Clagarnach! Chuir Mama na soithigh sa gcófra le teann fórsa. D'fhéach sí orm agus faghairt ina súile. Bhí sí ar MIRE, a dhialainn chóir!

'Táimid sona, nach dtuigeann tú sin?' D'imigh sí as a cranna cumhachta ansin. 'Leibide ab ea d'athair!' (sin é a thug sí ar Dhaid, an gcreidfeá!) 'Agus bhí Ron ina ghléas níos mó arís! Ach tá fear i mo shaol anois a bhfuil muinín agam as. Cén fáth a bhfuil tú ag cur ina choinne? An ea nach dtuigeann tú chomh crua is a bhí an saol orm?'

Thriomaigh sí na soithigh go fíochmhar agus bhual na plátaí anuas ar an mbord.

Ach ní raibh mo chuid féin ráite agamsa!

'Ba mhaith liom go mbeifeá sona, gan amhras. Ach tá tú i dtámhnéal faoi láthair, a Mhama. Níl i gceist agat ach an gúna, do chuid aíonna, an bia, an méid bradán agus mairteola a theastós don bhainis. Is mise d'iníon. Cén fáth nach n-éistfeá liomsa?'

'Tá do shaol féin agat, a Ruby. Teastaíonn duine uaimse a thabharfas aire dhom. DOMSA!'

Pléasc. Briseadh babhla Mhamó ina mhíle píosa ar na tíleanna.

Á! a dheabhail, ní fhéadfadh Mama é a sheasamh níos faide, a dhialainn chóir!

Chaith sí uaithi an tuáille tae agus ghlac staidéar ag an mbord. Thriomaigh mé mo lámha agus thug barróg mhór di.

Hermes. Un Jardin Sur Le Toit. Táim sásta nár athraigh sí an boladh cumhra, bhí sé chomh láidir is a bhí riamh. An bhean a raibh stuaim ar a lámha féach mar sin féin gur lig sí pláta Mhamó Kate uaithi. Mama bhocht!

Déardaoin, 26 Aibreán

D'éirigh go maith liom i stair an cheoil.

Chonaic mé Ids inné tráth a raibh a bhanna ag seinm sa Rós. B'éigean dom a dhul abhaile luath mar gheall ar an scrúdú oideolaíochta. Nuair a fuair mo chóta go n-imeoinn níor thug sé faoi deara mé fiú.

Táim sínte ar mo leaba agus anois a thagann téacs uaidh. 'Airím uaim thú!' agus emoji leis. An emoji céanna a úsáidimse amanta i mo chuid téacsanna chuig Mama agus chuig Jane. B'fhéidir go gceapann sé gurb é seo an gnáth-iompar in Éirinn. Nó an gnáth-iompar san áit arb as dó. Nach cuma, bíodh an fheamainn ag an bhFreaslainn. Ids atá uaimse. Táim i ngrá leat, a Ids. Grá Ids. Ach nílim cinnte. Casaim gan staonadh amhrán Rita Ora:

'Wish that I could let you love, let you love me. Say what's the matter with me?'

Owowowowow Caithfidh mé a dhul a chodladh.

Dé Sathairn, 28 Aibreán

Bhí mé tigh uncail Keith agus tigh aintín Nóra go ngiorródh sise mo ghúna. Bhí Tara agus Deirdre araon sa teach. D'fhiafraigh Deirdre díom an raibh sceitimíní orm faoin bpósadh. Dúirt mé go raibh ach níor labhair mé focal faoi ina dhiaidh sin.

Bhíomar ag ól tae ag an mbord mór agus an meaisín fuála eadrainn.

Zzzzzzzzzzzzzz. Go tobann labhair aintín Nóra, 'ar éirigh leat tuilleadh eolais a fháil faoi d'athair ó léigh tú litir Mhamó Kate?' *Zzzzzzzzzz.* De réir mar a bhí crann tochrais an chadáis ag gliogarnach thart, d'airigh mé an arraing ag dul tríom. Ba é seo an chéad uair ag aintín Nóra fiafraí díom faoi seo! Scal an solas go gléineach ar uaim mo ghúna pinc. 'Ní hé seo an t-am le labhairt faoi', a deirimse. 'Tá Mama ag déanamh inní faoin bpósadh agus airíonn sí uaithi Mamó. Tá a hualach róthrom cheana féin'.

'Cinnte', a deir aintín Nóra. 'Ní fhéadfadh sé a bheith éasca. Beidh gach ní ceart ar ball, a stór. Inseoidh sí duit faoi luath nó mall. Níl ort ach a bheith foighdeach'. *Zzzzzzzz.*

'An bhfuil eolas éigin agatsa faoi, a aintín Nóra', a deirimse.

Thug sí súilfhéachaint orm agus dhíriigh ar an tsnáthaid arís. 'Ba bhreá liom dá mbeadh, a stór, ach níl. Ní maith le Gráinne labhairt faoi liomsa ach oiread'.

Zzzzzzzzzzzzzz.

Chuir Tara a ladar isteach ann. Chrom sí trasna an bhoird i mo threosa agus dúirt: 'Ruby bhocht. Nach tráthuíl go bhfuil Ciarán agat anois!'

A Thiarna Dia. A leithéid d'óinseach. D'ól mé bolgam den tae te. Tháinig na deora le mo shúile.

'Cén sórt cainte í sin ort, a Tara? Níl baint ar bith aige sin leis an scéal', a dúirt Nóra ar chúl an mheaisín fuála. Rug Deirdre ar mo láimh. Chroith Tara a guailí.

Ghlaoigh Lily's Bridal Boutique i nGaillimh ar Mhama inné agus ghlaoigh sise ormsa go rachainn léi ag socrú an ghúna.

Bhí sé phunt meáchain caillte ag Mama. Bhí sí ag imeacht as a céill. 'An gcaithfidh tú an gúna a thabhairt isteach arís?' a d'fhiafraigh sí den phioncásach. Chroith pioncás a cloigeann. 'Bhí barúil agam go dtarlódh sé seo,' a dúirt sí. 'Má itheann tú mar is gnách leat agus a dhul a luí go luath an dá lá seo, beidh an gúna díreach ceart ort an tseachtain seo chugainn'. Dála an scéil, ba mhór an spóirt i mo ghúna pinc mé, más fíor do Chiarán.

Dé Máirt, 1 Bealtaine

Theip orm san oideolaíocht. Nílím cinnte faoi theoiric an cheoil ach oiread. Táim ag smaoineamh ar Ids. Bímid ag téacsáil a chéile go rialta agus beidh sé ag teacht chuig an bpósadh Dé hAoine. 'Bead ann gan amhras'. Deir sé sna téacsanna go bhfuil sé cruógach ag scríobh amhrán. 'Amhráin fútsa'. Go deimhin. Tá a bhfuil de chailíní i nGaillimh meallta ag Ids lena mhéara pianó.

Níor theastaigh ó Mhama an dinnéar féin a réiteach anocht.

'Ba cheart duit bia ceart a ithe, a Mhama', a deirimse. 'Smaoinigh ar an ngúna!'

D'fhéach sí orm go mórshúileach as aghaidh thanaí liath, gan bhuíochas don leaba griandathúcháin. Shocraíos ar iasc agus sceallóga a cheannacht don bheirt againn.

Dé Sathairn, 5 Bealtaine 2018

Nár cheart dom é a bheith tuartha agam? Nach raibh sé ar eolas go neamh-chomhfhiosach agam cheana féin? Amanta a dhialainn, ní bhíonn de rogha againn ach leanúint do chreideamh éigin. Anois a deimhníodh dom é.

Bhí halla an fháiltithe maisithe le héadach pinc agus bhí soilse ag scaladh tríd an éadach. Cúisín pinc, teach stríopachais agus flas canaí in aon iarraidh amháin. Shiúil mé thar na cathaoireacha plus i dtreo na 'haltóra' (ní raibh d'altóir ann ach dhá bhord bialainne sáite le chéile agus éadach bán os a gcionn). Chuaigh mo phumpaí go domhain sa gcairpéad. Díleá air, ní raibh an chóisir tosaithe fiú nuair a bhíos ag caitheamh i ndiaidh na mbróg reatha. Bhí vása plaisteach de lilí ar an mbord mar aon le grianghraif den dream nárbh fhéidir leo a theacht. Daideo Maitiú, Mamó Kate agus máthair Chiaráin. Bhí roinnt fíorchoinnle lasta, go tráthúil smaoiníos ar mo ghúna poileistir. Leagas lámh ar mo chuid gruaige go cúramach. Bhí an cuircín breá fáiscthe. Bhí leathchanna sprae gruaige caite ag aintín Nóra uirthi agus é ráite aici go raibh sí, 'ina coincreít'.

Ní fhéadfadh aon drochrud tarlú.

Thugas leathdhúnadh ar mo shúile agus stán mé tríd na fabhraí. Bolgán rómánsúil a bhí anseo, bolgán ina mbeadh cuma neamhurchóideach mhilis, dhathúil agus mhealltach ar gach duine. Déarfadh Mama na focail, 'Gabhaim agus glacaim', le fear na lámh mór, an fear a d'fhéachfadh lena píopaí uisce a dheisiú. Seans go bhfuil Mama ag brionglóidí ar oícheanta teolaí agus ar shaol fada in aontíos. Ba cheart gur áthas a bheadh orm faoina cuid muiníne as an todhchaí, ach is é an brón a bhuaíl mé faoi mar a bheadh mo phort le seinnt. Chaitheas díom na sála arda agus ritheas suas an staighre go dtí an pasáiste. 'A Ghráinne! A Nóra!

Cá bhfuil sibh?' Sileadh deora in athuair agus b'éigean mionleasú a chur ar an smidiú. Ligeadar beirt osna ar aghaidh an scátháin.

Tugadh cuireadh do bhunáite phobal Charraig an Chuilinn chuig an mbolgán pinc agus chuir Ciarán fáilte phearsanta ag an doras roimh gan aon aoi díobh. Bhí a bhóna ar aon dath lena aghaidh. Bhog sin an croí ionam.

Bhí Deirdre gléasta in éadach dorcha gorm. Bhí a sála stílín ar Tara arís, ghuigh mé barraicíní tinne an chuid eile den lá agus den oíche uirthi. Ach bhí sí chomh hálainn le Marilyn Monroe lena gruaig phlatanaim sa solas bándearg.

Bhí Nóra ina suí chun tosaigh, ciarsúr réidh aici agus cleití a cuircín bioraithe go hard, rud a thug ar an mbean a bhí ar a cúl bogadh chuig cathaoir eile. Bhí a chéad phionta ólta ag uncail Keith cheana féin agus aghaidh shásta theanntásach air.

Cuireadh tús leis an tsearmóin ach ní raibh aon amharc ar Ids.

Shiúil mise taobh thiar de Mhama agus dá triopall, mar a socraíodh, in éineacht le deirfíuracha Chiaráin. Chuaigh sáil liom, ámh, i bhfostú sa gcairpéad babhta. Leag mo mháthair - mala sciála an tsneachta bháin - crobhaing síoda brídeoige ar an mbord. Ba gheall le colúr mór liath é Ciarán, socair agus ocrach.

Ba é mo chúramsa na fáinní a thabhairt dóibh. Labhair an t-oifigeach clárúcháin ar fhíorghrá agus ar dhílseacht. Bhí bosca na bhfáinní ar mo ghabháil poilisteir, an áit ar leag Ids a chloigeann i nGaillimh. Ach cá raibh sé?

Smaoiníos gurbh í seo mo dheis é seo ar fad a chur ó rath. Is beag nach ndearnas sin, a dhialainn, i ndáiríre. Na fáinní a chaitheamh ar siúl agus é a thabhairt do na boinn amach as an halla i mo stocaí. Tá Joe marbh agus is rúndiamhair mór domsa i gcónaí é, an dtuigeann tú? Is cinnte nárbh fhéidir brath ar Ron. Tá an chuma ar Chiarán go bhfuil sé ceart go leor ach fós táim airdeallach. Agus ba cheart d'Ids a bheith anseo cheana féin. Díleá ar fhir, gach aon cheann acu. Mar sin féin, thug mé na fáinní don chláraitheoir ag an am cuí.

A Shlánaitheoir! Chuaigh Ciarán ar a ghlúine! Ba í seo an uair ainnise ba mheasa fós faoi is thar ar tharla riamh le Ciarán, a dhialainn chóir...Chas sé 'Grace' arís, an t-amhrán lenar mheall sé Mama bliain ó shin. Bhí crith ar a ghlór anois: 'Cuirim an fáinne pósta seo ar do mhéar le grá agus gean mo chroí'. Thug gach duine bualadh bos dó, chuir Ciarán an fáinne ar mhéar Mhama agus phóg sé go paiseanta í. Go deimhin mheabhraigh sin slabaráil Labrador Nóra agus Keith dom. Tugadh seaimpéin dúinn. Chaithfinn an clár a leanúint anois ó tharla an pósadh a bheith oifigiúil. Chuir mé mo bheannacht leis an mbrídeoig agus leis an bhfear nuaphósta agus dúras, 'Tabhair aire mhaith di, a Chiaráin'.

'Tabharfad, a Ruby, a stór', arsa Ciarán. Shín sé amach a smig...mar a dhéanfadh buaiteoir nó sin é a shíl mise. Agus thug sé barróg mhór mhilleach dom ansin.

Thriáil mé balsam iarbhearrtha Chiaráin a bhaint díom taobh amuigh. Bhí Tara ina seasamh i gcúinne an deataigh, toitín leictreonach idir na méar aici. Beola dearga, puthanna bána deataigh - an raicleach. Ar ndóigh, tarraingíodh na sceana ar an bpointe. 'A Ruby', a deir sí agus í ag sciotaíl in ard a cinn, 'cá bhfuil an buachaill eachtrach sin agat?'

Chuireas cuil orm féin. 'Is gearr go mbeidh sé anseo!' a deirimse. 'Is ceoltóir é agus tá cúraimí eile air'.

Nár chuma céard a cheap sí, a Ruby, a chailín?

Bhí an fáiltiú beagnach thart nuair a shiúil Ids isteach an luascdhoras. D'airíos mo chroí ag éirí te agus, de réir dealramh, dearg. Shiúil sé díreach chugam. 'Hóigh', a deirimse.

'Hóra, a stór', a dúirt sé go caoin agus phóg sé ar an mbéal mé. Phógas ar ais é, póg mhór fhada. Bhí an iomarca misnigh tugtha ag an seaimpéin dom. Bhraitheas súile Tara ar mo chúl. Ha!! Feiceann tú anois é, seo é é, mo bhuachaill ard dathúil as an bhFreaslainn.

Shuigh Ids le m'ais le linn an dinnéir, Tara an taobh eile de agus Micheál, nia le Ciarán ón tsráidbhaile, lena taobh siúd. D'inis mé scéal fada agus amaideach faoi thraidisiúin an phósta d'Ids. Ach d'airigh mé a chuid teasa faoin mbord.

D'ól Aonghus, athair Chiaráin sláinte na lánúine agus é ag féachaint ar Mhama an t-am ar fad. 'Ba mhaith liom fáilte mhór ó mhuintir Raighilligh a chur roimh Ghráinne agus Ruby! (bualadh bos). Ólaim sláinte an ama a caitheadh agus an ama atá le teacht! (bualadh bos). Agus tá súil agam go dtéifear go teolaí teach Ghráinne agus Chiaráin!' Le linn na ngártha molta sin chrom Aonghus anall go corrach i dtreo Mhama go bpógfadh sé í. Thit sé anonn uirthi, isteach nach mór ar log a brollaigh.

Bhí beoir á hól go tréan, solas na gcoinnle ag preabarnach. 'Bradán nó mairteoil', 'Bradán nó mairteoil', a d'fhiafraigh an freastalaí. Bhí an cáca pósta os cionn trí troithe ar airde. Ghearr Mama agus Ciarán le chéile é. Briseadh an reoán, briseadh an cáca ina dhá leath, thóg iFóin pictiúir. Sheinn na Júcchoscaí amhrán le Ed Sheeran.

Chuir an bhrídeog agus a fear nuaphósta ceann ar an damhsa. Bhí triopall an ghúna bainte di ag Gráinne ar mhaithe le héascaíocht. Thug mé faoi deara gur chinn ar Chiarán damhsa de réir an cheoil.

Is aoibhinn liom damhsa! Ach ní raibh fonn damhsa ar Ids. 'Ar ball, b'fhéidir', a dúirt sé. D'ólamar beoir. Choinníomar greim docht ar a chéile ag an gcuntar, ó tharla daoine a bheith ag dul anonn agus anall tharainn ar urlár an damhsa.

Bhí a fhios aige go rabhas splantha ina dhiaidh, a dhialainn chóir, an ea nár bhraith sé é? Oíche fhada a bhí inti cheana féin, bhí dóchas agus misneach de dhíth orm. Bhíos ag tnúth le beagán cainte uaidh. Ní caint ar Éirinn ná ar cheol ach orainne.

'Cén chaoi a bhfuil tú?' arsa mise.

Rinne Ids gáire, cuma níos gile ar a chuid fiacla sa solas corcra. Níor fhreagair sé, chuir sé a liopaí go teann ar mo bheolasa. Bhlais mé beoir. D'iompaigh sé thart tamaillín ina dhiaidh sin, gan féachaint orm. Bhí a ghloine folamh d'aon slog amháin. 'Caithfead a dhul amach go fóillín, mura miste leat. Feicfead ar ball thú'.

Ceart go leor, ní leanfad thú. In ainm Chroim, 'Ids, fágfad asat féin faoi láthair thú. Tá fonn damhsa ormsa!

Dhamhsaigh mé vals le hAonghus, le huncail Keith agus le Mama. Tharraing Micheál, an nia, amach ar an urlár ansin mé.

'Cé mar atáir, a Ruby?' ar sé. Bhí boladh beorach san aer eadrainn.

'Go breá', a deirimse.

'Thug tú stócach breá leat ag an mbainis'.

'Thug', a deirimse. 'Ceoltóir é, as an Ísiltír'.

'An bhfuil sé níos suimiúla é a dhéanamh le heachtrannach?'

'Céard tá i gceist agat?' arsa mise.

Thosaigh Micheál ag rá amhráin, '*Ruby Ruby Ruby Ruby!*' The Kaiser Chiefs - táim ag cloisteáil an amhráin sin ó rugadh mé. Labhair sé i gcogar liom. Feo, béal milis!

Bhí lagar ag teacht orm, ach choinnigh sé greim daingean orm. Lig liom, lig liom, le do thoil, lig liom. Leanamar orainn ag luascadh timpeall.

Ach ansin chuir lámha móra stad linn. Ciarán a bhí ann. 'Éirigh as, a Mhichíl'. Theastaigh ó Mhicheál rud éigin a rá, ach bhrúigh Ciarán as an mbealach go borb é. Dhamhsaigh mise agus eisean le chéile go místuama ansin. 'Go raibh maith agat,' a dúras leis. 'Tá fáilte romhat,' arsa Ciarán.

D'éiríos tuirseach den damhsa ar deireadh. Chuartaigh mé Ids ach chinn orm a theacht air in aon áit. Bhraitheas go rabhas ag éirí an-mhíshuaimhneach. Casadh Mama orm i seomra na mban. Bhí an t-éadach bán faoina hascaill fliuch. 'An bhfuil díbholaíoch agat', a d'fhiafraigh sí díom.

Bhí sprae díbholaigh ar an mbáisín níocháin, ceann gnáthúsáide. Spraeáil sí neart de faoin a hascaill agus thosaigh sí ag croitheadh na ngéag.

Cá raibh Ids? Fós taobh amuigh, b'fhéidir. Bhí sé deireanach, dorcha agus faoin am seo bhí slua ollmhór caiteoirí tobac ar an lochtán. Bhí a gcuid pumpaí caite díobh ag na mná agus bhíodar ina suí ar na boird phicnic, idir gloiní beorach agus luathreadáin. Bhí fir luite i gcoinne a nglúine. Bhíodar ag gáire agus ag ól.

Shiúil mé sa dorchadas, trí ghairdín mór an óstáin, go dtí an crannteach a bhí folaithe ag na ródaideandróin. B'fhurasta é a shiúl, bhí athphreab sa talamh fúm.

Chuala mé an gáire ard géar a d'aithin mé ó m'óige. Puthanna bána deataigh ag éirí in airde. Stadas ar an ala, mé in amhras fúm féin. Shiúil mé thart ar an sceach ansin. Ba é a chúl catach dubh a chonaic mé ar dtús, é an-ghar dá gruaig fhionn phlatanaim.

'Hé, heileo', a dúras.

D'fhéach siad suas ag an am céanna. Dhún Tara a súile fad is a shúigh sí a toitín.

'Haigh, heileo Ruby'. Gháir Ids, a chuid gruaige os comhair a dhá shúil. Bhí sé ina shuí ar an mbord iarainn. Gloine bheorach lena ais.

Bhí na stílíní bainte di ag Tara.

Karen Bies